# Eangaí Gearrtha

| Céim | Snáithe | Snáithaonad |
| --- | --- | --- |
| 4 | Cruth agus Spás | Cruth |

| Torthaí Foghlama | Coincheapa Matamaitice |
| --- | --- |
| • Trí éispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann samhlacha nó struchtúir 2T agus 3T a thógáil, nuair a thugtar tomhais shainmhínithe agus/nó coinníollacha faoi leith. | • Is beag liosta sainiúil atá ag cruthanna, a shainaithníonn a n-airíonna. Is féidir iad seo a úsáid chun ceangail a fháil amach agus a dhéanamh idir ranganna de chruthanna. |

## Matamaitic á Fhoghlaim

San eispéireas foghlama seo, forbróidh foghlaimeoirí réasúnú spásúil lena léirshamhlú agus lena chosaint conas a fhilltear cruthanna cothroma (2T) chun cruthanna solaid (3T) a dhéanamh.



Tugtar eangaí cruthanna 3T (ciúb, pirimid srl.) dóibh a gearradh ina ndá leath. Ní mór d'fhoghlaimeoirí eangaí a scrúdú go grinn, na péirí cearta a roghnú, agus, le húsáid na n-eangach, ní mór dóibh a léirshamhlú agus a chosaint conas a chomhcheanglaítear agus a dhéantar an cruth 3T deireanach (grianghraf le cead ó Nrich)

| Tuiscint agus Ceangal | Cumarsáid | Réasúnaíocht | Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna |
| --- | --- | --- | --- |
| *An foghlaimeoir* | | | |
| a thuigeann an gaol idir eangaí 2T agus solaid 3T.<br><br>a aithníonn naisc fhéideartha de bharr faobhair, aghaidheanna, agus uillinneacha comhoiriúnacha. | a úsáideann teanga mhatamaitice chuí chun cur síos a dhéanamh ar na comhpháirteanna na gcruthanna 3T (*aghaidheanna, faobhair, reanna, dromchla, cóngarach ...)* agus orthu siúd a bhaineann le heangaí 2T (*sleasa, uillinneacha*) | a dhéanann tuartha loighciúla de réir airíonna cruthanna, suíomhanna aghaidheanna, agus de réir na slí a bhfilleann eangach m.sh. "*Abair go gceanglaím an chearnóg sin den triantán sin, nuair a fhillfidh mé é, beidh an chearnóg sa bhealach ar an liopa ...*" | a chuireann scileanna ó thaobh réasúnú spásúil de i bhfeidhm i gcomhthéacsanna san fhíorshaol a bhaineann le réiteach fadhbanna matamaitice.<br><br>a chuimhníonn ar fhéidearthachtaí éagsúla, a phromhann smaointe, agus a bheachtaíonn smaointeoireacht nuair nach n-oibríonn eangach. |

Oide

| Matamaitic á Teagasc | |
|---|---|
| **Meon Táirgiúil a Chothú** | **Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic** |
| Glac le botúin mar chuid den phróiseas foghlama.<br>Spreag foghlaimeoirí chun eangaí 3T a aithint in réada laethúla (pacáistíocht, ailtireacht etc.) | Cuir eangaí páipéir fisiciúla ar fáil agus spreag foghlaimeoirí chun triail a bhaint astu, hipitéisí a thástáil, a gcuid smaointeoireachta a bheachtú, agus an cruth 3T a dhéanamh. |

| **Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil** |
|---|
| Éascaigh d'fhoghlaimeoirí raon samhlacha matamaiticiúla a úsáid d'fhonn iniúchadh a dhéanamh, agus a gcuid smaointeoireachta a thaifeadadh agus a bheachtú. |

| **Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid** | **Comhrá Mata a Chur Chun Cinn** |
|---|---|
| Tabhair a ndúshlán d'fhoghlaimeoirí eangach chiúib a cheapadh de réir patrún/riail ar leith (m.sh. Cad iad na cruthanna 3T is féidir leat a dhéanamh as cearnóga/triantáin? srl.) | Déan ceiliúradh ar éisteacht le smaointe daoine eile agus ar chur leo.<br><br>Spreag foghlaimeoirí chun teanga spásúil a úsáid chun a shainmhíniú cad iad na gnéithe meaitseála is lú a theastaíonn chun cruthanna 2T a chomhcheangail ina gcruth 3T. |

| **Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic** |
|---|
| • An féidir le foghlaimeoirí a roghanna a mhíniú agus a chosaint?<br>• An léiríonn foghlaimeoirí a dtuiscint ar na ceangail idir geoiméadracht 2T agus geoiméadracht 3T?<br>• An féidir le foghlaimeoirí fíoracha 3T a léiriú le heangaí? |

| **Foinse** |
|---|
| Curtha in oiriúint ó https://nrich.maths.org/problems/cut-nets |

Oide

